

Miontuairiscí

Cruinniú na Toscaireachta, via Webex.

12pm – 130pm 2 Iúil 2020

I láthair

Anne Haverty (Cathaoirleach), Eamon Colman, Deirdre Kinahan, Enda Wyley, Geraldine O'Reilly, Michael Holohan, Gerard Smyth, Grainne Mulvey, Mary O'Donnell, Theo Dorgan

Óstach Webex

Karen Hennessy (Cláraitheoir)

Miontuairiscí agus nithe ag éirí astu

Mhol Anne Haverty na miontuairiscí agus thacaigh Theo Dorgan leo. Níor éirigh aon ní astu.

Tionól Ginearálta 2020

Thug Michael Holohan agus an Cláraitheoir tuairisc ar chruinniú le John Brannigan a tionóladh trí Webex an 1 Iúil. Tá Halla O'Reilly le hathoscailt an 14 Meán Fómhair 2020. Beidh an Halla in ann freastal ar 126 duine le hachar sóisialta '2' mhéadar i bhfeidhm. Beifear in 240 duine a cheadú le hachar sóisialta '1' méadar i bhfeidhm. Tá an Ollscoil féin le hathoscailt an 21 Meán Fómhair. Ní roinnfear an Halla ina dhá chuid mar a bhí beartaithe roimhe seo agus mar sin ní bheidh deis ann saothar a thaispeáint nó taispeántais, a bhaineann le baill Aosdána ar alumni COBÁC iad, a bheith ann. Laghdófar rannpháirtíocht mhic léinn COBÁC freisin i dtéarmaí cláir mar ní bheidh siad ach díreach tosaithe ar ais.

Ó thaobh COBÁC de, ní bheadh aon fhadhb le Tionól leathlae le seisiún na maidine amháin cé go gcuirfeadh sé srian ar aon bhaint a bheadh ag COBÁC féin le seisiún an tráthnóna. Chuir COBÁC sonraí ar aghaidh maidir leis an gconair dhealbhóireachta faoin aer agus na healaíontóirí atá i gceist. Tá 5 bhall Aosdána le feiceáil ar an gconair. D'fhéadfaí siúl timpeall ar an gconair dhealbhóireachta faoin aer mar ghníomhaíocht faoin aer. Faoi láthair níl aon sonraí ann maidir le lónadóireacht agus cibé an mbeidh sí sin i bhfeidhm nó nach mbeidh. D'fhéadfadh sé tarlú freisin nach mbeadh Halla O'Reilly ar fáil más gá do COBÁC leas a bhaint as an Halla mar mhol mac léinn do na mic léinn sin a fhreastalaíonn ar cheachtanna zoom díreach tar éis léachtaí beo ar an gcamas. Ní dóigh, áfach, gur chuir John an fhéidearthacht sin in iúl do Michael agus Karen.

Pléadh roinnt moltaí. Measadh i ngach cás gur chóir don Tionól an treoirlíne maidir le hachar sóisialta 2 mhéadar a leanúint i bhfianaise phróifíl aoise a lán de na comhaltaí. Fiafraíodh an bhféadfaí an Tionól a réachtáil Dé Sathairn má bhíonn an Halla in úsáid ag COBÁC i rith na seachtaine. Is féidir le Karen é sin a fhiosrú.

Moladh go bhféadfaí an Tionól a chur ar siúl díreach os cionn leath lae agus díriú ar na príomhsheisiúin phríobháideacha. Chlúdódh sé sin príomhghnó an Tionóil. D'fhéadfaí iarraidh ar

bhaill a lón agus sólaistí féin a thabhairt leo dá mbeadh lónadóireacht i gceist. Rinneadh plé maidir le tinreamh. Má bhíonn tinreamh íseal d'fhéadfadh sé seo dul i bhfeidhm ar léiriú maith ar fud foirmeacha ealaíne chun baill nua a thoghadh. Teastaíonn córam nach lú ná 20% den bhallraíocht do Thionól Ginearálta. Iarrtar leis sin go mbeadh 49 ball ar a laghad i láthair.

D'fhéadfaí an Tionól Ginearálta a chur siar go dtí Earrach 2021. Is deacair an cás a thuar. Chiallódh sé freisin nach dtoghfaí aon bhall nua in 2020 agus tá 9 n-áit ar fáil faoi láthair. Pléadh vóta poist in éagmais Tionóil. Is é an deacracht a bhaineann leis sin ná cur i láthair ó lucht ainmniúcháin a bhainistiú. Ní bheadh sé sin maith go leor via zoom.

Socraíodh gurbh fhearr bualadh le chéile arís i gceann míosa chun gach cás a phlé go mion; an Tionól a chur ar siúl an 5 Deireadh Fómhair i COBÁC mar sheisiún príobháideach ar maidin agus sin amháin; an Tionól a chur ar siúl an 5 Deireadh Fómhair i COBÁC ag díriú ar an seisiún príobháideach ar maidin le rogha éigin do ghníomhaíocht um thráthnóna má thugann baill a lón féin leo agus d'fhéadfadh gníomhaíochtaí cosúil le conair dhealbhóireachta faoin aer COBÁC oibriú mar chuid den chlár; an Tionól a chur ar siúl i COBÁC Dé Sathairn más é seo an t-aon lá a bhfuil Halla O'Reilly ar fáil; breathnú ar ionaid mhalartacha. Idir an dá linn breathnóidh an Cláráitheoir ar ionaid mhalartacha agus seolfaidh sé ríomhphost chuig na baill chun a dtuairimí maidir le tinreamh a fháil.

Aosdána/Grúpa Oibre na Comhairle Ealaíon. An scéal is déanaí

Pléadh an dréacht-Doiciméad um Ghnóthachtáil Ealaíonta a scaip an Cláráitheoir ar bhaill an ghrúpa oibre chun aiseolas agus ionchur a fháil. Thug an Cláráitheoir breac-chuntas ar chúlra an doiciméid agus gur iarradh é ag an gcruinniú deireanach de ghrúpa oibre Aosdána/na Comhairle Ealaíon an 28 Samhain 2019. Dréachtaíodh an doiciméad a scaipeadh le hionchur ó Thomas McCarthy agus Rhona Clarke a bhí ar an Toscaireacht agus a bhí ag cruinniú an ghrúpa oibre. De bharr gur cuireadh cruinniú Márta 2020 den ghrúpa oibre ar ceal scaipeadh an doiciméad chun iarracht a dhéanamh oibriú air roimh an gcéad chruinniú eile den ghrúpa oibre ar dóigh dó a bheith ar siúl i mí Mheán Fómhair. Is é aidhm an doiciméid forbhreacha a thabhairt ar leibhéal ghnóthachtáil ealaíonta bhaill Aosdána mar phointe faisnéise don phobal i gcoitinne agus do na baill féin freisin. Ceapadh gur doiciméad tábhachtach é an doiciméad ach nár theastaigh an leibhéal mionsonraí maidir le sármhaitheas oibre agus gur leor na haidhmeanna mar atá leagtha amach.

Níor pléadh an dara doiciméad a scaipeadh ar an Toscaireacht: “Moladh chun comóradh 40 bliain Aosdána a cheiliúradh le foilseachán” agus cuirfear siar é sin go dtí an chéad chruinniú eile den Toscaireacht.

Dátaí don dialann

Phléigh an Toscaireacht na hábhair imní a léirigh ball maidir le hábhar an chiorcláin sheachtainiúil arna chur le chéile ag foireann Aosdána. Thug an Cláraitheoir breac-chuntas ar an mbeartas reatha, sé sin nach n-áirítear ach obair a chuireann ball isteach lena scaipeadh agus sin amháin. Ní dhéanann foireann Aosdána cuardach gníomhach ar ábhar agus ní dhéanann siad idirchaidreamh le comhlachtaí ionadaíocha le haghaidh ábhair cé go bhféadfaidís é seo a dhéanamh dá n-iarrafaí amhlaidh. Chomhaontaigh an Toscaireacht gur leor an beartas reatha agus moladh Justine Harrington as a cuid oibre ar DFYD, go háirithe le roinnt míonna anuas, chomh maith lena cuid oibre ar twitter. Rachaidh an Cathaoirleach i dteagmháil go díreach leis an mball a léirigh imní faoin bhformáid.

Uasghrádú Chóras TF na Comhairle Ealaíon

Thug an Cláraitheoir le fios go ndéanfaidh an Chomhairle Ealaíon uasghrádú ar a seirbhísí ar líne go léir mar thoradh ar infheistíocht chaipitil ón Roinn in 2018. Áireofar leis seo uasghrádú ar an láithreán gréasáin freisin. Tosóidh an obair seo go luath. Tiocfaidh feabhas ar gach próiseas iarratais ar líne dá bharr. Faoi láthair ní úsáideann baill Aosdána seirbhísí ar líne d'iarratas Cnuas ná don Fhoirm Tuarascála Bliantúil. Ag dul ar aghaidh, is chun leas na mball é a bheith mar chuid den chóras nua ar líne. Thug an Cláraitheoir le fios go bhfuil 23 ball ann faoi láthair nach bhfuil aon ríomhphost acu ach úsáideann gach ball ríomhphost agus oibríonn siad ar líne i dtéarmaí an iarratais ar an gCnuas agus na Foirme Tuarascála Bliantúla cé go bhfuil sé lasmuigh de sheirbhísí ar líne. D'fhéadfaí aistriú chuig seirbhísí ar líne. Tharlódh sé seo le himeacht ama. Tugtar cuireadh don Toscaireacht a bheith mar chuid de ghrúpa seachtrach chun féachaint ar chomh héasca a bheadh sé córas nua a úsáid. Tá Deirdre Behan ag déanamh maoirseachta ar an bpróiseas agus chuirfeadh sí fáilte roimh bhall mar chuid den ghrúpa. Fiosróidh an Cláraitheoir ina leith ar an mbonn sin.

Dáta an chéad chruinnithe eile den Toscaireacht

I gceann tuairim is míosa.

Gníomhartha

- Déanfaidh an cláraitheoir imscrúdú ar ionaid mhalartacha seachas COBÁC.
- Tá an Cláraitheoir le fiosrú an mbeadh Halla O'Reilly ar fáil Dé Sathairn.
- Seolfaidh an Cláraitheoir ríomhphost chuig gach ball chun a dtuairimí maidir le tinreamh a fháil.
- Fiosróidh an Cláraitheoir an cuireadh chuig ball a bheith mar chuid den ghrúpa seachtrach d'uasghrádú chórais TF na Comhairle Ealaíon leis an Toscaireacht.
- Tá an Cathaoirleach chun teagmháil a dhéanamh leis na baill faoi 'Dátaí don Dialann'.

